

NEAMHSPLÉÁCH. OIBIACHTÚIL. CUIDITHEACH. TIOMANTA DO BHARR FEABHAIS



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

2026

An Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

www.audit.gov.ie/ga/

Réamhrá

I gcomhréir le reachtaíocht an Rialtais, an *tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021*, agus *Rialacháin 2024 maidir leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (alt 20A) (Faisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní)*, cuireann Oifig an Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) a Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2026 i láthair. Ullmhaíodh an fhaisnéis sa tuarascáil seo i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach san *Acht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021*, lena gceanglaítear ar eagraíochtaí a mbearna pá idir na hinscní a thuairisciú.

Soláthraítear staidreamh sa tuarascáil maidir leis an mbearna phá idir na hinscní don Oifig, don tréimhse tuairiscithe ón 5 Meitheamh 2025 go dtí an 4 Meitheamh 2026, i gcás na mball foirne siúd a bhí fostaithe ar dáta an roghbhlúire, an 4 Meitheamh 2026.

Cothromaíocht idir na hinsní

Taispeántar sa ghraf an miondealú de réir inscne ag gach ceann de na príomhghráid san Oifig ar dháta an roghbhlúire. Socraítear gach ardú céime ar bhonn próisis iomaíocha.


Faigheann an fhoireann ar fad, beag beann ar inscne, luach saothair bunaithe ar scálaí pá incriminteacha do gach grád. Níl aon íocaíochtaí bónais ann. Tagann aon bhearna phá idir na hinscní as difríochtaí i ngrád agus i bhfad seirbhíse gach fostaí.

Ar an meán, thar na gráid go léir don tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 4 Meitheamh 2026, bhí íocaíocht 1.0% níos mó in aghaidh na huaire á fáil ag fostaithe bainneanna ar conradh ná mar a bhí ag fostaithe fireanna (don tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 6 Meitheamh 2025, bhí íocaíocht 2.0% níos mó á fáil ag fostaithe bainneanna). Is difríocht staitistiúil neamhshuntasach é sin, agus is comparáid í atá fabhrach leis na figiúirí is déanaí ó Eurostat maidir leis an mbearna phá idir na hinscní, inar tuairiscíodh go raibh pá 11.1% níos lú á fháil ag mná mar a bhí ag fir.

Ar an 4 Meitheamh 2026, bhí 7% d'fhostaithe bainearna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe. Bhí 2% d'fhostaithe fireanna ag obair ar chonarthaí le huaireanta laghdaithe.



Ar an iomlán bhí cóimheas **48:52** idir na fostaithe **baineanna** agus **fireanna** ann amhail an 4 Meitheamh 2026. Ar leibhéal an **Bhoird Bainistíochta**, is é **56:44** an cóimheas idir **mná** agus **fir**.



An Bhearna Phá idir na hInscní

Uimh.	Ceanglais tuairiscithe maidir leis an mbearna phá idir na hinscní	Fir	Mná	Difríocht
1	An difríocht idir an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna agus an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna, curtha in iúl mar chéatadán den mheánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna.	€38.60	€38.97	-1.0%
2	An difríocht idir an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna agus an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna, curtha in iúl mar chéatadán den luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna.	€36.74	€36.00	2.0%
3	An difríocht idir an meánluach saothair bónais d’fhostaithe fireanna agus an meánluach saothair bónais d’fhostaithe baineanna, curtha in iúl mar chéatadán den mheánluach saothair bónais d’fhostaithe fireanna.	€0	€0	0.0%
4	An difríocht idir an luach saothair bónais airmheánach d’fhostaithe fireanna agus an luach saothair bónais airmheánach d’fhostaithe baineanna, curtha in iúl mar chéatadán den luach saothair bónais airmheánach d’fhostaithe fireanna.	€0	€0	0.0%
5	An difríocht idir an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna páirtaimseartha agus an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna páirtaimseartha , curtha in iúl mar chéatadán den mheánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna páirtaimseartha.	€38.92	€39.48	-1.4%
6	An difríocht idir an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna páirtaimseartha agus an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna páirtaimseartha , curtha in iúl mar chéatadán den luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna páirtaimseartha.	€40.01	€37.99	5.1%

Uimh.	Ceanglais maidir leis an mbearna phá idir na hinscní	Fir	Mná	Difríocht
7	An céatadán de na fostaithe fireanna ar fad ar íocadh luach saothair bónais leo agus an céatadán de na fostaithe baineanna ar fad ar íocadh luach saothair dá leithéid leo.	0%	0%	
8	An céatadán de na fostaithe fireanna go léir a fuair sochair chomhchineáil agus an céatadán de na fostaithe baineanna go léir a fuair sochair dá leithéid.	55%	62%	
9	An difríocht idir an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna ar chonarthaí sealadacha agus an meánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna ar chonarthaí dá leithéid, curtha in iúl mar chéatadán den mheánluach saothair in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna.	€17.17	€17.19	-0.1%
10	An difríocht idir an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna ar chonarthaí sealadacha agus an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna ar chonarthaí dá leithéid, curtha in iúl mar chéatadán den luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire d’fhostaithe fireanna.	€17.16	€17.19	-0.2%
11	Céatadáin faoi seach na bhfostaithe uile a thagann faoi gach ceann díobh seo a leanas			
	(i) an t-íosbhanda pá ceathairíleach luach saothair,	54%	46%	
	(i) an meánbhanda íosta pá ceathairíleach luach saothair,	46%	54%	
	(i) an meánbhanda uasta pá ceathairíleach luach saothair, nó	58%	42%	
	(i) an t-uasbhanda pá ceathairíleach luach saothair,	50%	50%	
	ar fir iad nó ar mná iad.			

Uimh.	Ceanglais maidir leis an mbearna phá idir na hinscní	
12	Ní mór don fhostóir ábhartha tuarascáil a fhoilsiú freisin ina leagfar amach —	
	(i) i dtuairim an fhostóra, na cúiseanna leis na difríochtaí sin i gcás an fhostóra sin, agus	Sa Státseirbhís, tá rátaí pá do gach grád leagtha amach i scálaí pá foilsithe a bhaineann leis na fostaithe ar fad. Dá bhrí sin, tagann an bhearna phá idir na hinscní as difríochtaí i gcion na bhfostaithe fireanna agus baineanna, agus a bhfad seirbhíse, ag gach grád.
	(ii) na bearta (más ann dóibh) atá á ndéanamh, nó atá beartaithe a dhéanamh, ag an bhfostóir chun fáil réidh leis na difríochtaí sin nó iad a laghdú i gcás an fhostóra sin.	<p>Cuireann an Oifig comhdheiseanna ar fáil do gach fostaí maidir le haitheantas, forbairt gairme, dul chun cinn, agus obair sholúbtha.</p> <p>Chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó fáil réidh léi, leanfaidh an Oifig leis an méid seo a leanas a dhéanamh</p> <ul style="list-style-type: none">• ár mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú gach bliain,• a chinntiú go bhfuil rochtain ag fostaithe ar scálaí pá,• cur chuige dea-chleachtais a choinneáil ar bhun i leith earcaíochta agus ardú céime bunaithe ar fhiúntas, agus• tacú le forbairt gairme agus le dul chun cinn gach fostaí.



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

www.audit.gov.ie/ga/